
# An t-aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil: Ag foghlaim ó thaighde, ó bheartas agus ó chleachtas

Achoimre Fheidhmeach




NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

© CNCM 2016
ISSN 1649-3362

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta**

35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2 DO2 KH36

T: +353 1 661 7177
F: +353 1 661 7180
R: info@ncca.ie

**www.ncca.ie**

# Réamhrá

Aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta gur tréimhse an-tábhachtach i saol an linbh é an t-aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Is réimse oibre é an t-aistriú seo a leagtar an-bhéim air i bPlean Straitéiseach na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2015-2018. Is bealach tábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do leanaí a bhfuil an t-aistriú seo á dhéanamh acu é próiseas comhroinnte faisnéise comhordaithe. Mar chuid de *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol:* An Straitéis Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011- 2020 is í an Chomhairle atá freagrach as teimpléid tuairiscithe a fhorbairt agus iad a chur ar fáil ar líne chun

> *Socruithe a fheabhsú maidir le haistriú faisnéise idir scoileanna agus suíomhanna COLÓ faoi dhul chun cinn agus gnóthachtálacha daltaí trí iallach a chur ar na suíomhanna agus ar na scoileanna ar fad tuairiscí i scríbhinn a sholáthar i bhformáid chaighdeánach do scoileanna agus suíomhanna a bhfuil daltaí á n-aistriú chucu (tuairiscí le bheith curtha ar fáil tar éis don dalta a bheith glactha isteach sa scoil/suíomh nua) (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011, l.82).*

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun é a dhéanamh riachtanach an fhaisnéis seo a aistriú (ROS, 2011, l.82).

Mar ullmhúchán don obair seo, choimisiúnaigh an Chomhairle na nithe seo a leanas:

- Athbhreithniú náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an litríocht (O'Kane, 2016).
- Iniúchadh ar bheartais a bhaineann leis an aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil i 13 dhlínse. Féachann an t-iniúchadh ar aistriú sonraí agus ar an bpróiseas aistrithe. Ba iad seo a leanas na dlínsí a aithníodh lena scrúdú: an Astráil (Victoria agus Queensland); Ceanada (Ontario); Sasana; an

Fhionlainn; an Fhrainc; an Ísiltír; an Nua-Shéalainn; Tuaisceart Éireann; Albain; Singeapór; an tSualainn; Stáit Aontaithe Mheiriceá (Massachusetts); agus an Bhreatain Bheag. Chun comparáid a dhéanamh, beartaíodh faisnéis faoin gcomhthéacs in Éirinn a áireamh freisin ionas go bhfuil 14 cinn ann san iomlán (O'Kane agus Murphy, 2016a).

- Iniúchadh ar na doiciméid a forbraíodh in Éirinn a bhaineann leis an aistriú chun tacú leis an aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Díríonn an t-iniúchadh ar dheich ndoiciméad aistrithe atá arna bhforbairt ar bhealach comhoibritheach agus cuirtear i gcomparáid lena chéile iad agus déantar anailís orthu (O'Kane agus Murphy, 2016a).

Tugtar achoimre fheidhmeach thíos ar na trí pháipéar a coimisiúnaíodh. Tá na páipéir sin ar fáil ina n-iomláine ag *http://www.ncca.ie*

Tá na húdair le moladh as na tuarascálacha léirsteanacha seo a chuireann go mór lenár dtuiscint ar an aistriú tábhachtach seo i saol an linbh. Beidh an taighde seo go mór chun tairbhe do a lán de réimsí oibre na Comhairle, ní amháin d'aistrithe ach don obair a bhaineann le Creatchuraclam Bunscoile nua a fhorbairt freisin.



**Brigid McManus**
Cathaoirleach, CNCM

# Clár Ábhar

**Ag aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil: Tuarascáil Taighde . . .8**

Beartais náisiúnta a dhíríonn ar an aistriú go dtí an bhunscoil 9

Teimpléid, uirlisí agus cleachtais a úsáidtear chun faisnéis a aistriú 10

Scileanna, eolas agus meonta tábhachtacha a thacaíonn le leanaí le linn an aistrithe go dtí an bhunscoil 11

Ról an tsúgartha, an churaclaim, agus na hoideolaíochta sa phróiseas aistrithe 11

Róil, freagrachtaí agus caidrimh 12

Conclúid. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 13

**An t-aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil: Iniúchadh ar Bheartas i 14 Dhlínse . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .16**

Teacht ar réamhscolaíocht státmhaoinithe 17

Suíomh na réamhscoileanna státmhaoinithe 17

Aois tosaithe sa réamhscoil 18

Aois tosaithe sa bhunscoil 18

Teimpléid a comhaontaíodh go náisiúnta maidir le faisnéis a aistriú 19

Ceisteanna maidir le cosaint sonraí nuair a aistrítear faisnéis 20

Doiciméadú agus measúnú leanúnach 20

Conclúid. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 21

**An t-aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil: Iniúchadh ar na doiciméid a forbraíodh in Éirinn a bhaineann leis an aistriú . . . . . .24**

Na gnéithe d’fhoghlaim agus d’fhorbairt na leanaí a taifeadadh sna doiciméid 26

Infheictheacht *Aistear* sna doiciméid? 26

Rannpháirt tuismitheoirí agus leanaí 27

Cathain agus conas a aistrítear faisnéis 28

Conclúid . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 28

**UIMH. TUARASCÁIL TAIGHDE 19**

# An t-aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil



Mar chuid de *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011- 2020* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011), is í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta atá freagrach as teimpléid tuairiscithe a fhorbairt agus iad a chur ar fáil ar líne chun tacú le leanaí atá ag gluaiseacht ar aghaidh ó réamhscoileanna státmhaoinithe go dtí an bhunscoil. Agus tús á chur leis an obair seo, choimisiúnaigh an Chomhairle athbhreithniú ar an aistriú idir an dá shuíomh oideachais seo. Dhírigh an t-athbhreithniú ar na príomhcheisteanna seo a leanas.

- cad é a deir an taighde linn maidir le tábhacht na m**beartas náisiúnta** chun tacú le haistriú na leanaí ón réamhscoil go dtí an bhunscoil?
- cad é a deir an taighde linn maidir leis an tábhacht atá leis na **huirlisí, acmhainní agus cleachtais** a úsáidtear chun faisnéis a aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil?
- cad iad, de réir an taighde, na meonta, na scileanna, an t-eolas agus na gnéithe eile den fhoghlaim agus den fhorbairt na rudaí is tábhachtaí maidir le tacaíocht a thabhairt do leanaí ag an bpointe aistrithe seo?
- cad é a deir an taighde faoi ról **an churaclaim, na hoideolaíochta agus an tsúgartha** maidir le tacaíocht a thabhairt do leanaí atá ag aistriú go dtí an bhunscoil?

- cad is féidir linn a fhoghlaim ón taighde ar **chaidrimh, róil agus freagrachtaí** le linn na tréimhse aistrithe seo?

Deimhníonn príomhthorthaí an athbhreithnithe gur fáistineoir ar rath an linbh sa todhchaí é eispéireas dearfach le linn na tréimhse tábhachtaí seo ó thaobh torthaí sóisialta, mothúchánacha agus oideachasúla de. De bhreis air sin, tugtar dár n-aire san athbhreithniú, chomh maith leis an bhfaisnéis ábhartha a aistriú, go gcaithfear freisin róil na bpáirtithe leasmhara uile sa phróiseas a mheas d'fhonn tacaíocht a thabhairt do leanaí atá ag aistriú ó shuíomhanna réamhscoile go suíomhanna bunscoile. Ón leanbh féin go tuismitheoirí agus teaghlaigh, cleachtóirí réamhscoile agus múinteoirí bunscoile, cuirtear béim anois ar thacaíocht a thabhairt do na páirtithe leasmhara le go mbeidh siad ábalta cumarsáid a dhéanamh agus comhoibriú. Tá achoimre thíos ar na príomhphointí faoi cheannlínte téamúla.

## Beartais náisiúnta a dhíríonn ar an aistriú go dtí an bhunscoil

Is beag fianaise ann go n-aithnítear an t-aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil ag leibhéal beartais náisiúnta sna dlínsí a áirítear san athbhreithniú. Is é conclúid an athbhreithnithe áfach

- gurb iad an Astráil agus an Nua-Shéalainn atá chun tosaigh san obair ar aistrithe.
- go bhfuiltear fós ag argóint ar son leibhéil níos airde cumarsáide agus comhordaithe idir na páirtithe leasmhara éagsúla go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta.
- cé go bhfuil lear mór taighde ann ina ndéantar an cás ar son an ghá le faisnéis a tharchur agus a aistriú idir réamhscoileanna agus bunscoileanna, tá níos lú treoir fhoirmiúil ann maidir le cad é go díreach is ceart a aistriú, agus conas nó cathain ba cheart é sin a dhéanamh.

- ag an leibhéal idirnáisiúnta agus náisiúnta, is ann do bheartais áitiúla 'aistriú go scoil' agus lear mór doiciméad aistrithe a úsáidtear ag an leibhéal áitiúil ar bhealach neamh-chomhordaithe, ach gan ach rian beag d'aon straitéisí aistrithe comhtháite.

## Teimpléid, uirlisí agus cleachtais a úsáidtear chun faisnéis a aistriú

Maidir le teimpléid agus uirlisí a úsáidtear chun faisnéis a aistriú idir réamhscoileanna agus bunscoileanna, bíonn difríochtaí ann ina stíl agus ina bhformáid. Tá gnéithe áirithe ann áfach ar a n-aontaítear don chuid is mó

- Caithfidh an doiciméadacht a bheith níos so-láimhsithe don dá earnáil, agus í a bheith scríofa i bhfriotal soiléir gonta.
- Ba cheart cur chuige dearfach a bheith sa doiciméadacht agus í a bheith dírithe ar a bhfuil bainte amach ag an leanbh seachas a bheith dírithe ar easnaimh.
- Ba cheart réimsí ina bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil do leanaí a aithint agus a chomhroinnt.
- Tá sé tábhachtach go mbeadh tuismitheoirí rannpháirteach san fhaisnéis a aistriú agus a chur le chéile.
- Ba cheart guth an linbh a chur san áireamh ar bhealach fónta.
- Tá gá le leibhéal tuisceana níos airde ná mar atá ann faoi láthair faoin mbealach a úsáideann bunscoileanna an fhaisnéis a aistríonn na réamhscoileanna chucu.

## Scileanna, eolas agus meonta tábhachtacha a thacaíonn le leanaí le linn an aistrithe go dtí an bhunscoil

Ó thaobh na scileanna, an eolais agus na meonta tábhachtacha is fearr a thacaíonn le leanaí is iad ag aistriú go dtí an bhunscoil de, aithníodh leibhéal maith leanúnachais. Cuirtear an bhéim ar scileanna sóisialta agus mothúchánacha, scileanna cumarsáide agus teanga, meonta foghlama dearfacha amhail neamhspleáchas agus fiosracht, agus ar scileanna féinchabhrach, agus cuirtear níos lú béime ar scileanna acadúla.

- In ionad choincheap 'na hullmhachta' a bhí in uachtar sa taighde ar aistrithe go dtí seo, anois tá cur chuige idirghníomhach níos leithne ann ina bhféachtar ar an ullmhacht mar choincheap déthreorach a dhíríonn ar an leanbh, an teaghlach agus an pobal ar lámh amháin agus ar shaintréithe na scoile ar an lámh eile.
- Is é an dearcadh atá anois ann gurb í an idirghníomhaíocht idir na tionchair éagsúla seo is mó a théann i gcion ar aistriú an linbh go dtí an bhunscoil.
- Caithfidh leanaí a bheith 'ullamh don scoil' sa chiall is leithne de agus tá 'scoileanna ullamh' chomh tábhachtach céanna.
- I gcás leanaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch, leanaí ar teanga bhreise acu é an Béarla (EAL) agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (SEN) acu, bíonn gá acu le tacaíochtaí ar leith nuair a bhíonn siad ag aistriú go dtí an bhunscoil.

## Ról an tsúgartha, an churaclaim agus na hoideolaíochta sa phróiseas aistrithe

Cé go leagtar béim sa taighde a ndearnadh athbhreithniú air, ar an tábhacht atá le hailíniú idir an curaclam agus an cleachtas i réamhscoileanna agus i mbunscoileanna, tá fós míleanúnachas ag an am, go háirithe ó thaobh cleachtas oideolaíochta de.

- Déantar cás sa taighde ar son foghlaim atá idirghníomhach agus bunaithe ar shúgradh do leanaí óga sna réamhscoileanna agus sna luathbhlianta den bhunscolaíocht.
- D'fhéadfadh teannas idir cuir chuige atá bunaithe ar shúgradh agus cuir chuige níos foirmiúla, tionchar diúltach a imirt ar eispéiris aistrithe an linbh.
- Le *Síolta, Creat Náisiúnta Cáilíochta don Oideachas Luath-Óige* (CECDE, 2006) agus *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (CNCM, 2009) tugtar tacaíocht d'éispéiris agus don fhoghlaim le linn na luath-óige ar fad in Éirinn, sna naíonáin bheaga sna bunscoileanna san áireamh. Tá impleachtaí tábhachtacha ag na creataí seo ar fad don fhorbairt beartais ar an aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Tá plean soiléir feidhmithe náisiúnta chun cabhrú le cleachtóirí agus le múinteoirí na creataí sin a úsáid chun eispéiris na leanaí a leathnú agus a fheabhsú fós le cur i bhfeidhm áfach.
- An bhféadfadh *Aistear* a bheith ina chreatchuraclam don chéad bhliain, nó don chéad dá bhliain sa bhunscoil? Sa Nua-Shéalainn, mhol an Grúpa Comhairleach don Oideachas Luath-Óige (2015) go mbunófaí ranganna fáiltithe/aistrithe do leanaí 5 bliana d'aois ag úsáid *Te Whāriki* (atá cosúil le *Aistear*) seachas Curaclam na Nua-Shéalainne chun pleanáil, measúnú agus measúnacht a dhéanamh ar an gcéad bhliain den scoil le fráma ama feidhmithe ag tosú in 2016 (Moladh 14). An bhféadfadh/ar cheart an rud céanna a dhéanamh le *Aistear* in Éirinn agus sinn ag féachaint ar chreatchuraclam nua bunscoile a fhorbairt?

## Róil, freagrachtaí agus caidrimh

Is comhfhreagracht againn é tacú le haistrithe. Leagtar béim sa taighde ar an ngá go n-oibreodh teaghlaigh, réamhscoileanna agus bunscoileanna as lámha a chéile chun tacú le leanaí atá ag aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil.

- De thoradh ar an gcomhoibriú trasearnála ba cheart go bhforbrófaí caidrimh níos láidre idir an dá shuíomh oideachais agus ní amháin go ndéanfaí an t-aistriú oideachasúil níos éasca do leanaí ach go mbeadh torthaí fadtéarmacha níos fearr dóibh dá bharr freisin.
- Tá an chuma air áfach nach bhfuil aon chomhoibriú ná aon chumarsáid ar siúl go fóill ar bhonn córasach nó cuimsitheach.
- Tugtar faoi deara go bhféadfadh ceisteanna maidir le féiniúlacht ghairmiúil in earnáil an Oideachais agus an Chúraim Luath-Óige a bheith ag cur le heaspa cumarsáide agus comhoibrithe trasearnála.
- D’fhéadfadh comhfhorbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) do ghairmithe ón dá earnáil oideachais a chur ar a gcumas a straitéisí oideolaíocha a ailíniú níos fearr.
- Tá ról an-tábhachtach ag tuismitheoirí in aistriú a leanaí go dtí an bhunscoil agus ba cheart féachaint orthu mar chomhoibrithe i bpróiseas ina bhfuil idirphlé urramach thar a bheith tábhachtach.


## Conclúid

In ainneoin go bhfuil an t-aistriú oideachasúil seo thar a bheith tábhachtach ní aithnítear an tábhacht sin ag leibhéal beartais náisiúnta sna dlínsí a athbhreithníodh. Seachas sin, tugtar tacaíocht go neamhfhoirmiúil ag leibhéal áitiúil de réir mar a dhéanann leanaí an t-aistriú go dtí an bhunscoil. Tá an Astráil agus an Nua-Shéalainn chun tosaigh áfach i réimse an aistrithe. Tá an t-aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil an-tábhachtach do leanaí agus tugtar dá n-aire sa litríocht gur cuid thábhachtach de phróiseas an-chasta é an fhaisnéis a aistriú ag úsáid teimpléad nó punann. Chomh maith le tacaíocht a thabhairt do leanúnachas i bhfoghlaim agus i bhforbairt an linbh éascaíonn sé freisin caidrimh agus idirphlé tacaíochta idir réamhscoileanna agus bunscoileanna. Luaitear freisin mar thosca tábhachtacha, an comhoibriú le

teaghlaigh agus ailíniú níos mó ar an gcuraclam agus ar an oideolaíocht idir na hearnálacha. Aontaítear don chuid is mó go gcaithfear féachaint ar aistriú rathúil do leanaí i gcomhthéacs na gcaidreamh idir na páirtithe leasmhara éagsúla. Teachtaireacht thábhachtach ón taighde is ea an t-athrú atá tagtha ar an tuiscint ar an mbrí le 'ullamh don scoil' agus ar an ngá go mbeadh bunscoileanna 'ullamh' do leanaí atá ag aistriú ón réamhscoil. Cuireann an taighde a athbhreithníodh leis an tuiscint atá againn ar roinnt de na ceisteanna a bhaineann leis an aistriú seo go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta agus tugann léirstean dúinn ar na tosca iomadúla a mbíonn tionchar acu air. Sa Tuarascáil Taighde seo in éineacht le *Ag Aistriú ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil: Iniúchadh ar Bheartas i 14 Dhlínse* (O'Kane agus Murphy, 2016a) agus *Aistriú ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil: Iniúchadh ar na doiciméid a forbraíodh in Éirinn a bhaineann leis an aistriú* (O'Kane agus Murphy, 2016b) tugtar bonn láidir ar ar féidir leis an gComhairle tógáil nuair a bheidh teimpléid tuairiscithe á bhforbairt le haghaidh faisnéis a aistriú maidir le foghlaim agus forbairt leanaí de réir mar a dhéanann siad an t-aistriú tábhachtach ón réamhscoil go dtí an bhunscoil in Éirinn. Tugann sé freisin faisnéis luachmhar don Chomhairle agus tús á chur le creatchuraclam nua bunoideachais a fhorbairt.

## AN T-AISTRIÚ ÓN RÉAMHSCOIL GO DTÍ AN BHUNSCOIL:

# Iniúchadh ar Bheartas i 14 Dhlínse



D'fhonn tacaíocht agus treoir a thabhairt don aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil choimisiúnaigh an Chomhairle iniúchadh ar bheartais a bhaineann leis an aistriú i 14 dhlínse. Ba iad seo a leanas na dlínsí a aithníodh lena scrúdú: an Astráil (Victoria agus Queensland); Ceanada (Ontario); Sasana; an Fhionlainn; an Fhrainc; an Ísiltír; an Nua-Shéalainn; Tuaisceart Éireann; Albain; Singeapór; an tSualainn; Stáit Aontaithe Mheiriceá (Massachusetts); agus an Bhreatain Bheag. Roghnaíodh iad seo toisc a gcosúlachtaí leis an gcóras in Éirinn nó toisc cáil an bharrfheabhais a bheith ar a gcúram agus a n-oideachas luath-óige. Chun comparáid a dhéanamh, beartaíodh faisnéis faoin gcomhthéacs in Éirinn a áireamh freisin. Roghnaíodh go gcuirfí béim níos mionsonraithe san iniúchadh ar na dlínsí sin a bhfuil beartais agus cleachtais aistrithe acu a bhfuil níos mó forbartha déanta orthu - an Astráil agus an Nua-Shéalainn - agus achoimre a thabhairt ar an gcuid eile, le tagairtí gairide do phointí ábhartha i ngach dlínse.

Ba iad na ceisteanna seo a leanas a threoraigh an t-iniúchadh:

- **an gcuirtear réamhscolaíocht státmhaoinithe ar fáil**? Má chuirtear, ar feadh **cé mhéad bliain**?
- an dtarlaíonn an soláthar seo **laistigh d'earnáil na réamhscolaíochta nó na bunscolaíochta**?

- an molann an stát **aois tosaithe ar leith chun freastal ar réamhscoil**? Má dhéanann, cén aois é?
- cad é an **aois tosaithe éigeantach don bhunscolaíocht**?
- an bhfuil **beartais náisiúnta agus teimpléid chomhaontaithe** maidir le faisnéis a aistriú ó réamhscoileanna go bunscoileanna?

Tá achoimre ar chuid mhaith den fhaisnéis seo curtha i láthair sa doiciméad i bhformáid tábla le faisnéis chomhlántach tugtha le go dtuigfear níos fearr comhthéacs gach dlínse. Tá na príomhthorthaí leagtha amach thíos.

## Teacht ar réamhscolaíocht státmhaoinithe

- Tá bliain réamhscolaíochta státmhaoinithe ag éirí níos coitianta go hidirnáisiúnta. As na 14 dhlínse a scrúdaíodh, tairgeann 12 cheann íosmhéid de bhliain amháin d'oideachas réamhscoile státmhaoinithe.
- I gCeanada, Sasana agus in Albain tugtar dhá bhliain agus sa Fhrainc agus sa Nua-Shéalainn tá rogha trí bliana ar fáil. Ó Mheán Fómhair 2016 beidh dhá bhliain d'oideachas réamhscoile státmhaoinithe á thairiscint in Éirinn.
- Na tíortha sin nach soláthraíonn bliain réamhscolaíochta saor in aisce tugann siad fóirdheontais cúram leanaí do thuismitheoirí ar bhealaí éagsúla.

## Suíomh na réamhscoileanna státmhaoinithe

- I bhformhór na ndlínsí tairgtear áiteanna réamhscoile saor in aisce laistigh den chóras bunscolaíochta agus i suíomhanna réamhscolaíochta (Éire, Sasana, an Fhionlainn, an Ísiltír, Tuaisceart Éireann, Albain, an tSualainn, an Bhreatain Bheag).
- In Éirinn don chuid is mó tairgtear áiteanna i réamhscoileanna pobail agus príobháideacha faoi scéim bhliain réamhscoile 'saor in aisce' an ECCE (DCYA,

2010/2016), ach amháin i gcás freagairt shaindírithe i limistéir atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch amhail Tionscadal Shráid Rutland agus 40 rang Tús Maith i mbunscoileanna. Tá líon beag réamhscoileanna speisialta ar fáil freisin do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

- Tairgeann dlínsí áirithe áiteanna sa chóras bunscolaíochta amháin (an Astráil - Queensland agus Victoria; Ceanada - Ontario; an Fhrainc; an tSualainn; SAM - Massachusetts)
- Is sa Nua-Shéalainn amháin a thairgtear áiteanna i suíomhanna réamhscoile amháin.

## Aois tosaithe réamhscoile

- Tá éagsúlachtaí ann ó thaobh aois tosaithe sna dlínsí éagsúla ag brath ar an aois tosaithe éigeantach don bhunscoil.
- Tairgeann formhór na ndlínsí áit saor in aisce i réamhscoil do leanaí ag pointe éigin tar éis don trí bliana a bheith slánaithe acu (Éire, Sasana, Tuaisceart Éireann, Albain, an Bhreatain Bheag) agus tá an aois tosaithe is déanaí don réamhscoil san Fhionlainn ag sé bliana d'aois.

## Aois tosaithe sa bhunscoil

- Maidir le haois tosaithe éigeantach don bhunscoil, is iad na réimsí aoise is ísle a aithníodh ná sa Ríocht Aontaithe agus is i dTuaisceart Éireann atá an aois tosaithe éigeantach is ísle don bhunscoil ag ceithre bliana d'aois.
- I bhformhór na ndlínsí, is í sé bliana d'aois an aois tosaithe éigeantach, ach tá tosaithe ag a lán leanaí ar scoil i bhfad roimhe sin, mar shampla in Éirinn, an Astráil, Sasana, an Ísiltír, an Nua-Shéalainn, agus in Albain.

- Cibé an dtosaíonn leanaí sa chóras oideachais fhoirmiúil ag aois óg (amhail ceithre bliana d'aois i dTuaisceart Éireann) nó níos déanaí ná sin (san Fhionlainn ag seacht mbliana d'aois mar shampla), tá leanaí ag déanamh aistriú lena mbaineann difríochtaí eagraíochtúla, fisiciúla, oideolaíocha agus feidhmiúla.

## Teimpléid a comhaontaíodh go náisiúnta maidir le faisnéis a aistriú

- Níl teimpléad a comhaontaíodh go náisiúnta maidir le faisnéis faoi fhoghlaim agus forbairt an linbh a aistriú i ndlínse ar bith.

- Tá sé de cheangal ag Rialacháin Réamhscolaíochta na Nua-Shéalainne áfach beartas 'aistriú go dtí scoil' a bheith ag réamhscoileanna. Bíonn sé de cheangal freisin ar sheirbhísí státmhaoinithe sonraí bunúsacha ar na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís, lena n-áirítear taifid tinrimh, a sheoladh go dtí an Aireacht Oideachais ag úsáid Córas Faisnéise Luath-Oideachais (ELI).

- Is ceannródaí é an Astráil maidir le forbairt a dhéanamh ar dhoiciméid a aistriú. Seasann an *Victorian Transition Statement* and *Queensland Successful Transitions Initiative* amach ach go háirithe.

- De réir fianaise starógach dealraíonn sé go dtarlaíonn an-chuid go háitiúil maidir le faisnéis a aistriú, gan mórán ionchuir ó aon bheartas náisiúnta. Dá thoradh sin, is deacair teacht ar mhionsonraí doiciméadacht a dearadh go háitiúil.

- Is ann do theimpléid náisiúnta chun faisnéis a aistriú faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt leanaí ag pointí tábhachtacha de na luathbhlianta sa chóras bunscolaíochta (mar shampla, i gCeanada - Ontario, Sasana, an Fhrainc, agus sa Bhreatain Bheag). Aistrítear an fhaisnéis seo laistigh de chóras agus ní thrasnaíonn sé teorainneacha earnálacha.

## Ceisteanna maidir le cosaint sonraí nuair a aistrítear faisnéis

- D'fhéadfadh imní maidir le cosaint sonraí a bheith ina cúis leis an easpa córais dea-fhorbartha chun faisnéis a aistriú ó réamhscoileanna go bunscoileanna.
- In Queensland na hAstráile, luaitear ceanglais na reachtaíochta príobháideachta mar chonstaic do na naíonraí doiciméadacht a thabhairt go díreach do scoileanna. Sáraíonn stáit eile san Astráil an chonstaic sin trí chead tuismitheoirí a bheith mar réamhriachtanas le haghaidh doiciméadacht a aistriú.
- Maidir le príobháideacht sonraí i gcomhthéacs na hÉireann, ceadaítear faisnéis a aistriú faoi leanbh atá ag gluaiseacht idir scoileanna aitheanta gan an dlí um chosaint sonraí a shárú a fhad is gur ar leas oideachasúil an linbh é. Mar shampla gluaiseann an Pas Oideachais idir bunscoileanna agus meánscoileanna. Is ábhar suntais é go dtarlaíonn an t-aistriú sonraí seo ó bhunscoileanna go meánscoileanna laistigh de thréimhse an oideachais éigeantaigh. B'fhéidir nach ionann an cás nuair a aistrítear faisnéis ón réamhscoil go dtí an bhunscoil maidir le leanaí atá faoi bhun na haoise éigeantaí chun freastal ar scoil ag sé bliana d'aois. Maidir leis an gceist seo faoi phríobháideacht sonraí agus faisnéis a aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil, is píosaí tábhachtacha reachtaíochta le smaoineamh orthu iad an tAcht Oideachais (Leas), 2000 (Alt 28) Rialacháin 2005 (Rialtas na hÉireann, 2000) agus Rialacháin 2005 (Comhlachtaí Forordaithe) (Rialtas na hÉireann, 2005).

## Doiciméadú agus measúnú leanúnach

- Leagtar béim in a lán creatchuraclaim oideachais luath-óige ar an tábhacht a ghabhann le measúnú leanúnach d'fhonn fianaise dhoiciméadach a sholáthar faoi dhul chun cinn i bhfoghlaim agus i bhforbairt leanaí.

- Luaitear in a lán díobh a thábhachtaí is atá sé an fhaisnéis seo a chomhroinnt le gairmithe eile lena n-áirítear iadsan sna bunscoileanna. Ba bheag fianaise a fuarthas go hidirnáisiúnta ná go náisiúnta áfach a thacaíonn leis an bhfaisnéis a aistriú go dtí an chéad leibhéal oideachais eile.
- Is gné de réamhscoileanna sa Nua-Shéalainn é punanna a úsáid chun foghlaim leanaí a dhoiciméadú agus a mheasúnú. Úsáideann a lán múinteoirí bunscoile iad chun a thuilleadh a fháil amach faoi bhuanna an linbh agus faoi na rudaí is spéis leis an leanbh. Bíonn comhthuiscint ag teastáil chuige sin ar an mbealach chun an fhoghlaim a dhoiciméadú a chiallódh go gcloisfí guth an linbh ar bhealach fónta agus an leanbh ag aistriú go dtí an bhunscoil.

## Conclúid


Maidir leis na himpleachtaí do bheartas agus do chleachtas, dealraíonn sé ó thorthaí an iniúchta seo go n-aithnítear go forleathan gur bunsraith thábhachtach iad na blianta réamhscoile don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Is léir an méid sin ón líon dlínsí a sholáthraíonn áiteanna státmhaoinithe i réamhscoileanna do leanaí. Tá éagsúlacht an-mhór san aois a dtosaíonn leanaí sa bhunscoil agus taispeánann an t-iniúchadh go mbíonn difríochtaí eagraíochtúla, fisiciúla, oideolaíocha agus feidhmeacha ann don leanbh cibé aois a aistríonn sé.

Tá ganntanas beartas náisiúnta maidir le faisnéis a aistriú ó réamhscoileanna go bunscoileanna. Cé go ndéantar a lán obair forbartha go háitiúil, is ait é gan beartais náisiúnta follasacha a bheith ann má chuimhnítear ar an bhfianaise atá ann go n-imríonn aistriú faisnéise dá leithéid tionchar dearfach agus go gcothaíonn sé dea-chaidrimh trasearnála a thacaíonn leis an aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Aithnítear áfach gurb iad an Astráil agus an Nua-Shéalainn atá chun tosaigh san obair ar aistrithe agus go dtugann siadsan a lán faisnéis luachmhar óna bhféadfadh an tír seo foghlaim.

Tugann an t-iniúchadh seo in éineacht le *Ag Aistriú ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil: Tuarascáil Taighde 20* (O'Kane, 2016) agus *Ag Aistriú ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil: Iniúchadh ar na doiciméid a forbraíodh in Éirinn a bhaineann leis an aistriú* (O'Kane agus Murphy, 2016b) bonn láidir ar ar féidir leis an gComhairle tógáil nuair a bheidh teimpléid tuairiscithe á bhforbairt le haghaidh faisnéis a aistriú maidir le foghlaim agus forbairt leanaí de réir mar a dhéanann siad an t-aistriú tábhachtach ón réamhscoil go dtí an bhunscoil in Éirinn. Tugann sé freisin faisnéis luachmhar don Chomhairle agus tús á chur le creatchuraclam nua bunoideachais a fhorbairt.

## AN T-AISTRIÚ ÓN RÉAMHSCOIL GO DTÍ AN BHUNSCOIL:

# Iniúchadh ar na doiciméid a forbraíodh in Éirinn a bhaineann leis an aistriú



Tá a lán oibre á dhéanamh cheana féin ag an leibhéal áitiúil in Éirinn ar an aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Chun foghlaim ón méid sin agus chun é a fhorbairt, choimisiúnaigh an Chomhairle iniúchadh ar na doiciméid a forbraíodh in Éirinn a bhaineann leis an aistriú. Díríonn an t-iniúchadh ar dheich ndoiciméad aistrithe a forbraíodh agus a úsáideadh in Éirinn agus cuirtear i gcomparáid lena chéile iad agus déantar anailís orthu. San iniúchadh sin rinneadh na ceisteanna seo a leanas a mheas:

- **cad iad na doiciméid atá ann** chun faisnéis a aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil agus **cé a chum na doiciméid sin**?
- **cén ghnéithe d'fhoghlaim agus d'fhorbairt na leanaí** a taifeadadh iontu seo? **An mbaineann siad le *Aistear***?
- cé mhéad de **rannphháirt atá ag leanaí agus tuismitheoirí** sa phróiseas?
- **cathain** a aistrítear na doiciméid ón réamhscoil go dtí an bhunscoil?
- an ndéantar aon mholtaí foirmiúla faoi **conas** na teimpléid a aistriú?

Cuireadh béim air san iniúchadh go bhfuil, in éagmais teimpléid aistrithe a comhaontaíodh go náisiúnta nó treoir shonraithe bheartais maidir leis an bpróiseas aistrithe, roinnt páirtithe leasmhara rannpháirteach cheana féin ar a dtionscnamh féin i ndoiciméadacht aistrithe a fhorbairt. Aithníodh san iniúchadh raon de dhoiciméid aistrithe a úsáideann suíomhanna aonair agus cuideachtaí príobháideacha oiliúna. Cuireadh béim freisin ar roinnt tionscadail taighde agus forbartha a tharla nó atá ag tarlú ag leibhéil áitiúla ar fud na tíre

agus go bhfuil teimpléid agus acmhainní arna dtáirgeadh acusan chun cabhrú le leanaí atá ag aistriú go dtí an bhunscoil. Cé gur léir tiomantas a bheith ann feabhas a chur ar an aistriú doiciméadachta idir réamhscoileanna agus bunscoileanna leis na tionscnaimh áitiúla seo, is léir freisin go bhfuil iarrachtaí na bpáirtithe leasmhara á ndúbailt de thoradh ar nádúr scartha na bhforbairtí seo.

Mar sin, cé go bhfuil a n-aistriú doiciméadachta féin forbartha ag suíomhanna aonair, déantar deich ndoiciméad shonracha a mheas san iniúchadh seo. Roghnaíodh na deich gcinn sin lena mheas toisc gur forbraíodh iad tar éis comhairliúcháin agus comhoibriú trasearnála. Tá na doiciméid seo leagtha síos i dTábla 1.

**TÁBLA 1: DOICIMÉID A FORBRAÍODH IN ÉIRINN A BHAINEANN LEIS AN AISTRIÚ**

| Teideal: | Arna fhorbairt ag: | Bliain: |
|---|---|---|
| Child Snapshot | Ionad Taighde Shóisialta agus Oideachais, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | 2010 |
| All About Me | Coiste Cúram Leanaí Chontae Shligigh | 2010/2015 |
| An Traein | Forbairt Naíonraí Teo | 2011 |
| The Personal Education Plan | Coiste Seirbhísí Leanaí Thuaiseart Chathair Bhaile Átha Cliath | 2011 |
| Happy Talk Transition Flower | Cork City Partnership Ltd (Tionscnamh Rochtana Náisiúnta na Luathbhlianta/NEYAI) | 2012 |
| The Parent Child Hub Transition Form | Tionscnamh Rochtana Náisiúnta na Luathbhlianta/NEYAI Lárchathair Thiar Theas Bhaile Átha Cliath | 2012 |
| Little Steps to Big School - Preschool to Primary Transfer Document | Coist Cúram Leanaí Chontae Lú, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan | 2012 |
| Child Snapshot with Developmental Outcomes | Coiste Cúram Leanaí Chontae Chill Chainnigh | 2013 |
| Moving on Transition Statement | Coiste Cúram Leanaí Chontae Dhún na nGall | 2014 |
| Leabhar I Can | Coiste Cúram Leanaí Chontae Chill Dara | 2014 |

Rinneadh na deich ndoiciméad a scrúdú faoi thrí cheannlíne: próiseas forbartha, tacar sainscileanna a clúdaíodh; agus an próiseas aistrithe. Tá na príomhthorthaí leagtha amach thíos faoi cheannlínte téamúla.

## Na gnéithe d'fhoghlaim agus d'fhorbairt na leanaí a taifeadadh sna doiciméid

- Sa tacar sainscileanna a díríodh air sna doiciméid aistrithe bhí béim ar scileanna teanga agus cumarsáide, scileanna sóisialta agus mothúchánacha, neamhspleáchas agus scileanna féinchabhrach, scileanna smaointeoireachta (forbairt chognaíoch), scileanna mínluaileacha agus oll-luaileacha le béim níos lú ar scileanna réamhacadúla.
- Go ginearálta tá siad seo ailínithe go dlúth leis an tacar sainscileanna a aithníodh sa taighde idirnáisiúnta agus Éireannach a bheith tábhachtach do rath na leanaí le linn an aistrithe.
- I gcuid de na doiciméid chuathas níos sia amach ó na réimsí seo agus rinneadh gnéithe d'fhoghlaim agus d'fhorbairt a mheas freisin amhail ciotaí/deaslámhaí, eolas ar an domhan, forbairt cruthaitheachta.
- Leagadh béim i gcuid de na doiciméid ar an tábhacht a ghabhann le léirmhínithe comhaontaithe ar théarmeolaíocht nó catagóirí scileanna thar na hearnálacha - gur cheart idirphlé a bheith ann laistigh de na hearnálacha agus eatarthu lena chinntiú gur léir do gach duine cad is brí leis na téarmaí sin.

## Infheictheacht *Aistear* sna doiciméid

- Nuair a bhí cuid de na chéad teimpléid á bhforbairt ar dtús, ní raibh na suíomhanna ach ag dul i dtaithí ar Aistear agus ní dhearnadh naisc leis an gcreat.

- Tá áfach naisc shoiléire ag trí cinn de na teimpléid a forbraíodh le déanaí le *Aistear*. Is iad sin teimpléad *All About Me*, an leabhar *I Can*, agus *Moving On Transition Statement*.
- Tá sé ríthábhachtach naisc a fhorbairt le Aistear sna doiciméid aistrithe ó d'fhéadfadh sé tacú le comhordú agus leanúnachas níos fearr in earnálacha na réamhscolaíochta agus na bunscolaíochta, go háirithe nuair atá tacaíocht á tabhairt do leanaí atá ag aistriú ó earnáil amháin go dtí an chéad cheann eile.

## Rannpháirt tuismitheoirí agus leanaí

- Iarradh go sonrach ar thuismitheoirí cur le ceithre cinn de na deich dteimpléad.
- I gcásanna eile, cé gur cleachtóirí is mó a bhí freagrach as cuntas a thabhairt ar láidreachtaí agus laigí an linbh, rinneadh na teimpléid i gcomhpháirt leis an tuismitheoir nó, ar a laghad, pléadh an fhaisnéis a cuireadh isteach leis na tuismitheoirí.
- Iarradh ar leanaí cur le ceithre cinn de na deich dteimpléad. Is éard a bhí i gceist anseo go minic gur ghreamaigh an leanbh grianghraf de féin nó tharraing sé pictiúr de féin, agus chuir faisnéis isteach faoi na rudaí ba mhó a thaitin leis faoin réamhscoil, nó na cúiseanna go raibh siad ag tnúth le dul ar an mbunscoil.
- Ceistítear san iniúchadh cibé an dtugann ionchur an linbh ar an mbealach seo an deis cheart don leanbh le go gcloisfear a bhfuil le rá aige, go háirithe má chuirtear i gcomparáid é le huirlis amhail Punann Linbh a thairgeann i bhfad níos mó airde ar a bhfuil le rá ag an leanbh.

### Cathain agus conas a aistrítear faisnéis

San iniúchadh fiosraíodh an ndéantar faisnéis a aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil agus má dhéantar cathain, agus cibé an ndearnadh moltaí foirmiúla sna doiciméid aistrithe faoi conas ba cheart an fhaisnéis a aistriú.

- I ndoiciméid áirithe tugtar nósanna imeachta a mholtar don tréimhse roimh an aistriú agus/nó lena linn, cé nach léir an leantar na moltaí sin. Mar shampla, nuair a spreagtar doiciméid a aistriú go pearsanta is beag eolais atá ar fáil ar a mhéid is a dtarlaíonn sé sin i ndáiríre.
- Is beag faisnéise atá ar fáil, más ann di in aon chor, faoina dtarlaíonn do na doiciméid/teimpléid seo tar éis dóibh an bhunscoil a bhaint amach.
- Go ginearálta, luadh an téarma deireanach den réamhscolaíocht mar an t-am ab oiriúnaí chun doiciméid a chomhlánú agus a aistriú.

## Conclúid

Tugann a doiciméadacht aistrithe a athbhreithníodh san iniúchadh seo bealaí praiticiúla chun faisnéis a chomhroinnt faoi dhul chun cinn agus faoi fhorbairt leanaí agus iad ag aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil in Éirinn. Mar sin, tá roinnt impleachtaí ann do bheartas agus do chleachtas. Tugann a n-úsáid deis do réamhscoileanna agus do bhunscoileanna oibriú i bpáirt lena chéile agus le teaghlaigh chun faisnéis ábhartha a chur ar fáil chun tacú le haistriú an linbh. Ní féidir róbhéim a leagan ar an tábhacht a ghabhann le hidirphlé agus le comhoibriú trasearnála a bheith ann in éineacht le haistriú na dteimpléad.

Cé gur léir tiomantas a bheith ann feabhas a chur ar an aistriú doiciméadachta idir réamhscoileanna agus bunscoileanna in a lán tionscnamh áitiúil, go háirithe iadsan i suíomhanna réamhscolaíochta, tá an obair atá déanta go dtí seo rud beag scartha agus dá bharr sin go bhfuil iarrachtaí na bpáirtithe leasmhara á ndúbailt in áiteanna éagsúla sa tír. Cinnteoidh an obair atá ar siúl ag an

gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta go mbeidh leanúnachas níos mó ann ó thaobh an fhaisnéis a chomhroinntear, agus cathain agus a tharlaíonn an chomhroinnt seo. Beidh sé tábhachtach don Chomhairle freisin féachaint ar conas a úsáidfear teimpléad agus an fhaisnéis ann sna bunscoileanna.

Is cuid thábhachtach den phróiseas casta aistrithe seo é teimpléad náisiúnta don fhaisnéis faoi fhoghlaim leanaí a aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil a fhorbairt. An t-iniúchadh seo in éineacht le *Ag Aistriú ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil: Tuarascáil Taighde 20* (O'Kane, 2016) agus *An t-aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil: Iniúchadh ar Bheartas i 14 Dhlínse* (O'Kane agus Murphy, 2016a) ina dtugtar bonn láidir ar ar féidir leis an gComhairle tógáil nuair a bheidh teimpléid tuairisicthe á bhforbairt le haghaidh faisnéis a aistriú maidir le foghlaim agus forbairt leanaí de réir mar a dhéanann siad an t-aistriú tábhachtach ón réamhscoil go dtí an bhunscoil in Éirinn.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

© CNCM 2016

ISSN 1649-3362

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta**

35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2 DO2 KH36

T: +353 1 661 7177
F: +353 1 661 7180
R: info@ncca.ie

**www.ncca.ie**